*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*




# Scéal Oilibhéir

## Nuachtlitir 24-2-2024

### Seachtain an Chairdis | *Friendship Week*

Bhíomar ag díriú ar théama an Chairdis an tseachtain roimh an sos. Bhí imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar leith ag siúl sna ranganna.

*We were focussing on theme of friendship before the break. The classes were doing different events and activities in the classroom.*

### Spórt | *Sport*

Beidh an chamógaíocht agus an iomáint ag tosú arís go gairid tar éis na Cásca. Tá cead ag páistí ó R4, R5 agus R6 clogad, bróga agus camán a thabhairt isteach le pocáil timpeall ar an bhféar roimh scoil agus ag am sosa más mian leo. Tá dátaí na gcluichí thíos, beidh sonraí againn faoi pháirceanna agus freasúra sar i bhfad.

*Hurling and camogie will start again shortly after Easter. Children from R4, R5 and R6 may bring their hurls, helmets and boots in to puck around on the grass before school and at break time if they like. Below are the dates for games, we will have details on venues and opposition shortly*

| | |
|---|---|
| 17.4.2024 Camógaíocht | 18.4.2024 Iomáint |
| 24.4.2024 Camógaíocht | 25.4.2024 Iomáint |
| 01.5.2024 Camógaíocht | 02.5.2024 Iomáint |

### Foireann Snámha na Scoile | *School Swim Team*

D'éirigh go hiontach leis an bhfoireann snámha i gCraobhacha Laighean an mhí seo caite. Comhghairdeas agus míle buíochas leis na tuismitheoirí a d'eagraigh gach rud.

*Our swim team did brilliantly in the Leinster Championships last month. Congrats and huge thanks to the parents who organised everything.*

### Luthcleasaíocht | *Athletics*

Beidh foireann na scoile páirteach i Sraith Lúthchleasaíochta Fhine Gall an téarma seo, guímid gach rath orthu.

*The school team will be participating in the Fingal Athletics League this term, we wish them all the best.*

### Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Tá Cumann na dTuismitheoirí ag obair leo ag tacú le COIRM Gael Linn agus ag pleanáil don chuid eile den bhliain. Dá mba mhaith leat a bheith rannpháirteach in obair an Chumainn, cuir r-phost chuig cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com.

*The Parents' Association are working away supporting the COIRM Gael Linn competition and planning the rest of the year. If you would like to get involved in the Association's work, please contact cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com*

### Cumarsáid | *Communication*

Tá an córas nua do chumarsáid leis na múinteoirí ag obair go hiontach. Go raibh míle maith ag gach tuismitheoir/caomhnóir as an gcomhoibriú agus as an tacaíocht!

*The new system for communicating with teachers is working brilliantly. Thanks a lot to all parents/guardians for all your cooperation and support*

## Tráth na gCeist | *Table Quiz*

Bhí dhá fhoireann shinsearach agus dhá fhoireann shóisearach againn i dTráth na gCeist an Chomhair Chreidmheasa agus d'éirigh go hiontach leo, rachaidh ceann amháin de na foirne sóisearacha ar aghaidh go dtí an leibhéla réigiúnach. Maith iad! Bhí foireann eile againn ansin ag *School Duel* ar Raidío *Phoenix* agus d'éirigh go han-mhaith leo. Bhuaigh Foireann Shinsear Tráth na gCeist eile don Chomhar Creidmheasa agus tá siad ag dul ar aghaidh go dtí an babhta náisiúnta.

*We had 2 Junior Teams and 2 Senior Teams in the Credit Union Quiz and they did great, one of the Junior teams will go on to the regional level, well done all! We had another team then at the School Duel Quiz on Radio Phoenix and they did brilliantly too! The Senior Team won another Credit Union Quiz and will go on to the national round now.*



## Seó do Choirm Gael Linn | *Show for Coirm Gael Linn*

Tá páistí ó Rang a Trí, Rang a Ceathair agus Rang a Cúig ag obair go dian agus ag baint an-chraic as an gcleachtadh seo le Keith. Beidh an seó don chomórtas ar siúl an mhí seo chugainn agus táimid an-bhuíoch de Chumann na dTuismitheoirí as é a eagrú agus as tacú leis.

*Children from 3rd, 4th and 5th Class are working very hard and having great craic with the rehearsals for this with Keith. The competition show will be on next month and we are very grateful to the Parents' Association for organising and supporting it*

## Comhairle na nDaltaí | *Student Council*

Tá Comhairle na nDaltaí tofa agus ag obair faoi stiúir Mhúinteoir Anne Marie. Tá cúpla sprioc roghnaithe acu cheana féin agus beidh ócáidí á n-eagrú ar ball. Bígí ag faire ar Aladdin chun tuilleadh eolais a fheiceáil

*The Student Council has been elected and are working away already under the guidance of Múinteoir Anne Marie. They've already identified some objectives and will be organising some events very soon. Keep an eye on Aladdin to see more information.*



## Árachas | *Insurance*

Meabhraítear daoibh, má bhíonn timpiste ag do pháiste ag am ar bith, sa bhaile nó ar scoil, go bfhuil seans maith ann go gclúdaíonn árachas na scoile iad, bí ag caint le hAntóin más gá.

*You are reminded that, if your child had an accident at any time, at home or at school, there is a good chance that they are covered by school insurance. Please speak to Antóin if necessary.*

## Féinmheastóireacht Scoile | *School Self-Evaluation*

Táimid ag leanúint leis an obair air seo agus tá tuairimí na bpáistí bailithe againn anois. Tá an obair seo ag tarlú i bpáirt le hobair Chomhairle na nDaltaí. Déanfar anailís ar na tuairimí a léiríodh agus oibreoimid leis an mBord Bainistíochta agus le Cumann na dTuismitheoirí freisin. Táimid ag súil le roinnt athruithe beaga deasa a fheiceáil timpeall na háite a fhreagróidh do dhearcadh na ndaltaí.

*We are continuing with this work and have now collected the children's opinions. This work is happening in partnership with the Student Council. The opinions expressed will be analysed and we will work with the Board of Management and the Parents' Association also. We look forward to seeing some small changes around the place to respond to pupil's perspective.*

## Seachtain na Gaeilge 4 – 17 Márta | *Seachtain na Gaeilge 4 – 17 March*

Tá sceideal ***sealadach*** thíos agus beidh tuilleadh imeachtaí á n-eagrú. Táimid ag súil go mór leis. Tá sé i gceist againn Seachtain na Gaeilge den scoth a cheiliúradh i mbliana agus molfaimid do gach éinne úsáid a bhaint as pé Gaeilge atá acu. Táimid ag súil le nascadh le scoileanna eile sa cheantar agus beidh imeachtaí anseo don teaghlach freisin. Beidh cluichí biongó do ranganna éagsúla agus dá gcuid tuistí críonna nó do dhuine fasta speisialta agus beidh maidin againn do pháistí réamhscoile freisin. Coinnítear súil ar *Aladdin* chun tuilleadh eolais a fháil.

*There is a* **provisional schedule below** and we will be organising more events. *We want to celebrate a brilliant Seachtain na Gaeilge this year with aplomb this year and we encourage everyone to use whatever Irish they have. We hope to link in with local other local schools in the area and we will have events here for the family too. We will have bingo for different classes and their grandparents or other special adults and we will have a special morning for pre-schoolers also. Keep an eye on Aladdin for more information.*

| Luan 4 Márta | Máirt 5 Márta | Céadaoin 6 Márta | Déardaoin 7 Márta | Aoine 8 Márta |
|---|---|---|---|---|
| **Cluiche sacair R5 agus R6 i gcoinne Naomh Benedict (sealadach)**<br>*5th and 6th play soccer game against St. Benedict's (provisionally)* | **Biongó R1 ar 11:00**<br>1st Class Bingo at 11:00<br>**Biongó ag Naíonáin Bheaga Ghlasa agus Bhuí ar 13:00**<br>*Green and Yellow Junior Infants Bingo at 13:00* | **Coirm Gael Linn**<br>Gael Linn *competition* | **Bleaist Eolaíochta ag R5 agus R6**<br>*5th and 6th Class at Science Blast* | **An Fear Grinn Giggles ag teach tar cuairt**<br>*Giggles the Clown visits* |
| **Luan 11 Márta** | **Máirt 12 Márta** | **Céadaoin 13 Márta** | **Déardaoin 14 Márta** | **Aoine 15 Márta** |
| **Tuistí agus Páistí réamhscoile sa Halla 09:30 – 10:15**<br>*Parents and pre-schoolers in the hall 09:30 – 10:15* | **Biongó NM ar 13:00**<br>*Senior Infants Bingo at 13:00* | **Biongó R2 ar 13:45**<br>*2nd Class Bingo at 13:45*<br>**R3B sa Leabharlann10:00-11:00**<br>*Yellow 3rd Class in Library 10:00-11:00*<br>**R3G sa leabharlann 11:15 - 12:15**<br>*Green 3rd Class in Library 11:15 – 12:15* | **Biongó ag an dá R3 ar 13:45**<br>*Bingo for both 3rd Classes at 13:45* | **Céilí na mBunranganna**<br>*Junior Classes Céilí 13:00*<br>**Tráth na gCeist na nArdranganna** *Senior Classes Table QUiz13:45* |

## Duaiseanna na Gaeilge | *Irish prizes*

Tá na ranganna go léir fós ag bailiú na gCártaí Gaeilge agus duaiseanna deasa á mbuachan acu dá mbarr. Tá ag éirí go maith leis an Gaeilge neamhfhoirmiúil sa chlós agus timpeall an scoile. Leanaimis orainn!

*The classes are still collecting their Cártaí Gaeilge and winning some nice prizes as a result. Informal Irish in the yard and aroind teh school is going well. Let's keep it going*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

## Fás agus Forbairt na Scoile | *School Growth and Development*

Tá litir imithe abhaile ón mBord Bainistíochta ar an 12 Feabhra tríd *Aladdin* le huasdátú ar an an obair seo. Ar ndóigh, ní tharlaíonn aon rud den saghas seo go tapaidh agus 'sé fírinne an scéil ná nach raibh mórán eolais le roinnt go dtí an mhí seo. Tá aon eolas nua agus an seasamh reatha an tionscnaimh sa litir seo ón mBord.

*There is a letter gone home through Aladdin on 12 February with an update on this work. Obviously, nothing of this kind happens quickly and the truth is that there wasn't very much information to share until this month. Any new information and the current standing of the project is in this letter from the Board.*

## Cóisir an Chóineartaithe | *Confirmation party*

Tá sé de nós ag Rang a Cúig cóisir a eagrú do pháistí Rang a Sé tar éis shearmanas an Chóineartaithe. Beidh an chóisir ar siúl sa halla pobail i mBaile Bhlainséir díreach tar éis an Chóineartaithe. Tá an searmanas ar a 11:00 ar an Aoine 22 Márta 2024. Beidh tuistí ag teastáil thart ar a 10:00 - 14:00 chun an halla a réiteach agus chun tae agus ceapairí srl. a eagrú sa halla. Má tá tú sásta cabhrú linn, cuir r-phost chuig priomhoide@gaelscoiloilibheir.ie le do thoil. Fiú munar féidir leat a bheith i láthair ar an lá sin, beidh mé ag iarraidh ar gach duine i Rang a Cúig tacú leis an ócáid le cáca nó le ceapairí nó le rudaí deasa eile. Tuigim gur dúnadh na Cásca é seo agus go bhfuil sé eisceachtúil i mbliana ach táim cinnte go bhfaighidh mé tacaíocht uaibh agus ar ndóigh an bhliain seo chugainn bainfidh sibhse tairbhe as cineáltas Rang a Cúig na bliana seo chugainn.

*The parents of 5th Class usually organise the Confirmation party for 6th Class after the Confirmation ceremony. The party will be on in the community centre beside the church in Blanchardstown directly after the Confirmation. The ceremony will be at 11:00 on Friday 22 March 2024. Parents will be needed from around 10:30 - 14:00 to set the hall up and organise tea an sandwiches etc. in the hall. If you are happy to help, please send an email to priomhoide@gaelscoiloilibheir.ie. Even if you can't be present on the day, I will be asking everyone in 5th Class to support the occasion with cakes or sandwiches or other treats. I appreciate that this is the day of the Easter closing and that this year is an exception but I'm sure I will get support from you and of course next year, you will benefit from the kindness of next year's 5th Class.*

.

## Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta ar line | *Online Irish Classes for Adults*

Tá ranganna Gaeilge ar líne eagraithe againn do dhaoine fásta, do thuismitheoirí/chaomhnóirí na scoile sa chéad áit agus do dhaoine eile fásta ansin má tá spás. Beidh na ranganna seo dírithe ar dhaoine a bhfuil leibhéal áirithe Gaeilge acu, atá in ann cúpla abairt a rá ach ar mhaith leo níos mó líofachta a bhaint amach agus comhrá a dhéanamh. Tá bileog eolais ceangailte le tuilleadh sonraí. Tá cáilíocht ar leith do *Mhúineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta* bainte amach ag an múinteoir seo agus déanfar na ranganna ar *Zoom* den chuid is mó, le ceann nó dhó duine-le-duine b'fhéidir ag brath ar chúrsaí. Tá siad le tosú ar an 20 Feabhra, 19:00 - 20:30 agus beidh taithí ar *Zoom* de dhíth. Tá an Bord Bainistíochta ag tacú leis an obair seo agus cosnóidh na 8 seachtainí €80 ar rannpháirtithe a bhuíochas leis an tacaíocht seo. Beidh na huimhreacha teoranta go deichniúr agus má tá níos mó iarrthóirí ná áiteanna, tabharfar tosaíocht do thuismitheoirí/chaomhnóirí reatha. Déanfar crannchur má tá ró-éileamh ann fós.

Má tá suim agat, cuir r-phost chuig **irishforparents@gmail.com** roimh 14:30 ar an Aoine seo 9 Feabhra agus ag brath ar an éileamh, déanfar teagmháil leat chun sonraí eile a roinnt má fhaigheann tú áit.

Táim fós ag obair ar rang Gaeilge do ghlantosaitheoirí agus beidh mé i dteagmháil libh nuair atá aon eolas eile agam faoi sin.

*We have organised online Irish classes for adults, for parents/guardians in the first instance and for other adults then if there is space. These classes will be aimed at people who have a certain level of Irish, who can maybe say a few sentences but who would like to attain more fluency and hold a conversation. There is an information sheet attached with more details. This teacher has a specific qualification in Teaching Irish to Adult Learners and the classes will be done on Zoom for teh most part with maybe one or two in-person depending on how things go. They are to begin on 20 February 19:00 - 20:30 and experience of Zoom will be needed. The Board of Management are supporting this work and thanks to this support, the 8 weeks will cost €80 for participants. The numbers will be limited to 10 per class and if there are more applicants than spaces, priority will be given to current parents/guardians in the school. If it is still oversubscribed, a lottery will be used.*

*If you are interest, please send an email to **irishforparents@gmail.com** before 14:30 this Friday 9 February and depending on demand, you will contacted to share further details if you get a place.*

*I am still working on an Irish class for total beginners and I will be in touch with you when I have any information on that.*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

## Dátaí don Dialann | *Dates for the Diary*

| | | |
|---|---|---|
| **26.2.2024** | **Cruinniú an Chóineartaithe \|** *Confirmation Meeting* | Scoil 19:30 |
| **27.2.2024** | Tae agus Plé Gaeloideachas **do thuismitheoirí pháistí uathacha sa Ghaelscolaíocht**<br>*Gaeloideachas Meet- up for parents/carers of autistic children in Irish medium education* | Halla 19:30 |
| **12.3.2024** | **Searmanas an tSolais ag Rang a Sé \|** *6th Class Ceremony of Light* | Séipéal Bhríde<br>19:00 |
| **22-3-2024** | **Cóineartú** \| *Confirmation* | Séipéal Bhríde<br>11:00 |
| **25-5-2024** | **Comaoineach** \| *Communion* | Séipéal Bhríde<br>11:00 |







